

SIÚLÓIDÍ NA CHEATHRÚ RUA

Carraroe Trails



Slí Chonamara

Is leithinis í **AN CHEATHRÚ RUA** atá suite idir Cuan Chasla agus Cuan an Fhir Mhoir i ndeisceart Chonamara. Tá Bealach an Atlantaigh Fhiáin fillte mórthimpeall na leithine rud a thugann léargas iontach ar muir.

Ó tharla gur cainteoirí dúchais Gaeilge formhór mhuintir na háite a bhfuil daonra de thart ar 2,500 ann, is féidir leat a bheith cinnte go gcuirfead “Céad Míle Fáilte” romhat i gcónaí. Gheobhaidh tú blaiseadh dár dtraidisiún ársa Gaelach idir cheol, amhránaíocht, dhamhsa agus bhéaloideas. Is parthas ann féin an ceantar seo d’ealaíontóirí agus do lucht faire éan agus dúlra agus cuireann áilleacht na radhairc a bhíonn de shíor ag athrú dath le himeacht agus teacht na taoide faoi dhraíocht iad.

Tá an ceantar cósta mórthimpeall mar “Ionad Bíthéagsúlacht” de thoradh an saibhreas ollmhór de chineálacha plandaí mara agus ainmhithe atá le fáil ann. Tá baint mhór ag cúrsaí mara agus farraige le saol laethúil na ndaoine ar a n-áirítear iascaireacht, bádóireacht agus féilte bád, baint fheamainne, tógáil bád, snámh, curachóireacht agus tumadóireacht scuba. Coinnigh súil amach do na báid thraidisiúnta agus tú ag spaisteoireacht cois cladaigh – Húicéir na Gaillimh, an Ghleoteog agus an Curach. Tá an pobal beo bríomhar seo fite fuaite i gcúrsaí spóirt, drámaíocht, scannánaíocht, ealaín agus ceardáíocht.

Cuirimid fáilte chaoin chroíúil romhat chuig an gcuid fíor-speisialta d’Éirinn agus is í ár mian go mbainfidh tú sásamh agus só as do sheal inár gcuideachta.

AN CHEATHRÚ RUA is a peninsula located between Cuan Chasla and Cuan an Fhir Mhoir in South Connemara. The Wild Atlantic Way coils itself around the peninsula offering marvellous marine perspectives.

With a native, mostly Gaelic speaking population of almost 2,500 people you will be assured of a “Céad Míle Fáilte”. You will get a taste of age old traditions including local music, song, dance and folklore. With its breathtaking scenery, constantly changing light and tidal activity it is a magnet for artists and nature lovers alike and a paradise for bird watchers.

The surrounding sea is considered a “Biodiversity Hotspot” due to the great variety of marine, plant and animal life found there, Maritime activities play a big part in daily life and include fishing, boating, boat building, seaweed harvesting, swimming and scuba diving. Look out for the traditional boats as you walk along the shore – the Galway Hooker, The Gleoiteog and the Currach. The friendly, vibrant community are actively involved in sport, drama, filming, arts and crafts.

We warmly welcome you to our very special part of Ireland and we hope you enjoy your stay.

TRAIL 1 CUILLEÁN

FAD 2.3 míle/3.2 kms **DISTANCE** 2.3 miles/3.2 kms
AM 45 nóiméad **DURATION** 45 Minutes

TOSAIGH AMACH AG HALLA ÉINNE

Tabhair d’aghaidh siar an bóthar agus cas ar thaobh na láimhe deise ag Tigh Freda. Tar éis 100 m tóg an casadh géar ar thaobh do láimhe clé, díreach tar éis Stáisiún na nGardaí. Bain taitneamh as na radhairc áille atá le

feiceáil siar uait le cósta ar Chuan an Fhir Mhoir. Nuair a shroicheadh an T-achomhal ag an bpríomhbhóthar (Bóthar Buí) cas ar chlé agus tabhair d’aghaidh soir tríd an tsráidbhaile agus tabharfaidh sé sin ar ais tú arís go dtí Halla Éinne.

START AT HALLA ÉINNE

Heading North/West, take a right turn at Tigh Freda. Follow the purple arrows and after 100 mts take a sharp left turn directly after the Garda Station. Enjoy the amazing views of Cuan an Fhir Mhoir and its spectacular backdrop. When you reach the T-junction at the main road, An Bóthar Buí, turn left and walk North/Eastwards through the village until you reach the starting point again.

TRAIL 2 TRÁ AN DÓILÍN

FAD 4.6 mílte/7.5 kms **DISTANCE** 4.6 miles/7.5 kms
AM 3 uair **DURATION** 3 hours

TOSAIGH AMACH AG HALLA ÉINNE

Coinnigh ort ag siúl siar an bóthar tríd an tsráidbhaile nó go dtéann tú siar thar Áras Mhic Dara ar thaobh do láimhe deise, timpeall 550m. Trasnaigh an bóthar agus téigh síos bóthar na Tisimeáine ar chlé agus síos thar Pháirc an Chathánaigh. Lean ort agus tú ag leanacht na saighid dearg. Díreach tar éis Loch Dhá Eala ar thaobh do láimhe deise tóg an casadh ar chlé agus lean

trá coiréalach i Trá an Dóilín atá déanta as alga coiréilíneach ar a dtugtar méarla. Tá an cineál seo gairbhéal bíthghineach an-ghnann agus cuirtear béim mhór ar chúrsaí caomhnaithe. Ar do slí aníos duit tá fásach álainn de flóra agus fána le feiceáil, féileacání ildaite, éin agus beacha. Tá seans ann go bhfeicfidh tú capallíní Chonamara, asail chairdíúla, beithigh, gabhair agus piastúin. Nuair a shroicheadh tú ceann an phríomhbhóthair, cas ar dheis agus coinneigh ort soir tríd an tsráidbhaile nó go shroicheadh tú an pointe ag ar thosaigh tú amach.

START AT HALLA ÉINNE

Heading in a South/Westerly direction walk through village for about 1 km until you reach a fork in the road. Take the road on the right heading towards Caladh Thaidhg. Follow the blue arrows and take a left turn before Caladh Thaidhg pier. Continue Westward along the rough terrain until you reach Céibh an Dóilín (Dóilín Quay). Follow the shoreline southwards walking along Trá an Dóilín (Coral Strand). Take note of Trá na bpáiste and the Edward Delaney sculpture.

TRAIL 2 AN FHAITHCHE

FAD 3 mílte/4.8 kms **DISTANCE** 3 miles/4.8 kms
AM 1 uair **DURATION** 1 hour

TOSAIGH AMACH AG HALLA ÉINNE

Coinnigh ort siar an bóthar tríd an tsráidbhaile nó go dtéann tú siar thar Áras Mhic Dara ar thaobh do láimhe deise, timpeall 550m. Trasnaigh an bóthar agus téigh síos bóthar na Tisimeáine ar chlé agus síos thar Pháirc an Chathánaigh. Lean ort agus tú ag leanacht na saighid dearg. Díreach tar éis Loch Dhá Eala ar thaobh do láimhe deise tóg an casadh ar chlé agus lean

ort soir trí thír-raon garbh. Bain sásamh as na radhairc áille atá le feiceáil agat amach ar Oileáin Árann agus ar Alltracha an Mhóthair. Nuair a shroicheadh tú an T-achomhal ag deireadh Bhóthar an Diméin cas ar thaobh do láimhe clé agus coinneigh ort aníos Bóthar an Chillín i dtreo an tsráidbhaile. Téigh thar Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar thaobh do láimhe deise agus ar ais sa tsráidbhaile go dtí an pointe ag ar thosaigh tú amach.

START AT HALLA ÉINNE

Heading South/Westward walk through the village until you pass Áras Mhic Dara, approx 550m. Cross the road and take the road to the left on to Bóthar na Tisimeáine heading south. Pass Páirc an Chathánaigh on your left. Continue on following red arrows. Immediately past Loch na nEala on your right take a left turn and continue Eastwards along some rough terrain. Enjoy the wonderful views of The Aran Islands and Cliffs of Moher. When you reach the T junction at the end of Bóthar an Fhaithe/Diméin turn left and head Northwards along Bóthar an Chillín towards the village. Pass Scoil Chuimsitheach Chiaráin on the left and enter the village across the road from the starting point.

SÁBHÁILTEACHT

Bróga feiliúnacha, Éadaigh báistí, tabhair aire ar na carraigeacha agus iad fliuch. Fón póca.

SAFETY

Good hiking Footwear, Rain gear, take care when rock surface is wet. Mobile phone.

NÁ FÁG DO LORG

NA PRIONSABAIL

- 1 Pleanáil chun cinn agus bí ullamh
- 2 Smaoinigh ar dhaoine eile
- 3 Bíodh meas agat ar ainmhithe feirme agus ar fhiadhúlra
- 4 Fág gach rud mar a fhaigheann tú é
- 5 Fágáidh le bruscar mar ba choir

CLÓ LEIS AN CÓD IS TÚ AR AON TURAS AMUIGH FAOIN AER

LEAVE NO TRACE

PRINCIPLES

- 1 Plan Ahead and Prepare
- 2 Be Considerate of Others
- 3 Respect Farm Animals and Wildlife
- 4 Leave What You Find
- 5 Dispose of Waste Properly

PLEASE ADHERE TO THIS CODE IN ANY TRIP TO THE OUTDOORS

TEAGMHÁIL ÉIGEANDÁLA: I gcás éigeandála glaoigh ar 999 **EMERGENCY CONTACT:** In the event of an emergency call 999

ORDNANCE SURVEY OF IRELAND LICENCE NO EN 0059214 © ORDNANCE SURVEY OF IRELAND, GOVERNMENT OF IRELAND. TUILLLEADH EOLAS/FURTHER INFORMATION 095 41118/091 551922

Designed and illustrated by Shelly Gannon – Eye in the Clock ©

